# Glór

Feabhra 2025

Meitheal Pleanála
Teanga an Iarthuaiscirt
An Crannóg
Srath na Corcra
Doirí Beaga
Leitir Ceanainn
Co. Dhún na nGall
074 9560620 / 087 2491101

*Buanú agus neartú na Gaeilge san Iarthuaiscirt*

## Tráth na gceist le daltaí Phobalscoil Ghaoth Dobhair mar pháirt do sheachtain staire

Bhí lúchair orainn tráth na gceist a dhéanamh i bPobalscoil Ghaoth Dobhair ar na mallaibh le daltaí ón 1ú - 3ú bhliain. Ba mhaith linn buíochas a ghabháil leis an Phobalscoil agus go háirithe leis an múinteoir Danny Ó Curráin a chuidigh linn an tráth na gceist a eagrú agus a stiúradh. Mar a deir an seanfhocal, 'ní neart go cur le chéile'.





# Seoladh leabhar nua 'Is fiú an táirbhe an trioblóid' scíofa ag daltaí bunscoile ón LPT

Bhí ocáid ar dóigh ar siúl le gairid i Leabharlann Phobail Ghaoth Dobhair! Tháinig ocht scoil ó cheantair Ghaoth Dobhair agus na Rosann le chéile chun leabhar an-speisialta "Is Fiú an Tairbhe an Trioblóid," a sheoladh. Bhí seo speisialta mar gur scríobh gach scoil a scéal féin. Tá na scéalta seo spreagtha ag an leabhar clasaiceach le Seamus Ó Grianna 'Caisleáin Óir', a foilsíodh 100 bliain ó shin, ach le casadh nua-aimseartha a thugann na scéalta chun beocht do léitheoirí óga an lae inniu.




# Stailc i nGaoth Dobhair faoi chiorruithe a bhí fógartha ag Foras na Gaeilge




Sheas muid le gairid taobh amuigh don G-Teic i nGaoth Dobhair leis na grúpaí go léir atá i mbun stailce fud na tíre de bharr na ngiorraithe maoinithe atá fógartha ag Foras na Gaeilge! "Ní neart go cur le chéile".

# Gradam Oibrí Deonach Chonradh na Gaeilge bronnta ar an t-Oifigeach Pleanála Teanga Dónall Ó Cnáimhsí

Comhghairdeachas le Dónall Ó Cnáimhsí as gradam Oibrí Deonach na Bliana 2025 a bheith bronnta air ag Ard Fheis Conradh na Gaeilge i Loch Garman, ar son an obair uilig atá déanta aige ar son an teanga agus an cultúr le blianta anuas!



## Seachtain na Gaeilge ar an Chlochán Liath

Bhí muid i láthair ag seoladh 'Seachtain na Gaeilge' ar an Chlochán Liath ar na mallaibh. Sheol Cathaoirleach Cheantar Bardasach na nGleanntach John Sheamáis Ó Fearraigh an fhéile go hoifigiúil. Bhí ócáid ghalánta ann le haíonna speisialta mar Cóir Scoil Chróine, Aodh Mac Gairbheith, CCE Mhín na Croise, Frank & Eileen Sweeney, Grúpa Scór CLG Ghaoth Dobhair agus Cór Popcheoil na Rosann.



# Rua agus bródúil as?

Bíodh do ghrianghraf tógtha le go mbeidh sé mar chuid de mhósáic na gruaige rua do thaispeántas i bhFómhar 2025.Tá muid an-tógtha le gruaig rua agus is mian linn í a cheiliúradh. Agus ba mhaith linn cuid mhór daoine le gruaig rua a fheiceáil ag an cheiliúradh seo. Tar chugainn ag an suíomh seo a leanas agus tógfar do ghrianghraf ar mhodh na botha fótagrafaíochta.

Cuirfear d'ainm i gcrannchur agus d'fhéadfá portráid phearsanta díot féin, déanta ag an ealaíontóir áitiúil Maria Gasol, a bhuachan. Mura bhfuil gruaig rua ort féin inis dod' chairde rua fúinn!
Glacfar le gach dath rua agus le gach aoisghrúpa… FÁILTE ROIMH CHÁCH.



**IONAD NAOMH PADRAIG, DOBHAR DE SATHAIRN 22 MARTA. TAR ISTEACH AM AR BITH IDIR 2 I.N AGUS 4 I.N**

---

COLÁISTE na nOileán

**10 ú - 17ú Lúnasa**


# Aistear na nGael

## do dhéagóirí na Gaeltachta (14 - 16bl)

**Campa seachtaine i gConamara**



Fáilte roimh dhéagóirí ó chuile Ghaeltacht ach Gaeilge a bheith mar príomhtheanga acu





Lóistín le Mná Tí
Spásanna Teoranta
Scoláireachtaí ar fáil




Céim 1 : Chun spéis a léiriú seol rphost chuig ruadhancnn@gmail.com
Céim 2 : Agallamh ar líne neamhfhoirmeálta
Céim 3 : Clárú

Údarás na Gaeltachta

**Is féidir ceisteanna a sheoladh chuig : ruadhancnn@gmail.com**